Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/7536

27.12.2024

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Nollaig 2024

## lena gceaptar beirt chomhaltaí malartacha ar Bhord Riaracháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

(C/2024/7536)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 go bhfuil an Chomhairle le cúigear comhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh ar Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Bord Riaracháin').

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 nach bhfuil comhalta den Bhord Riaracháin le bheith ina chomhalta de Bhord Rialálaithe na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus go bhfuil comhaltaí an Bhoird Riaracháin le gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leas an Aontais ina iomláine.

(3) An 8 Nollaig 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh ([2]) lena gceaptar triúr comhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha ar an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse 4 bliana ón 28 Eanáir 2024. An 12 Deireadh Fómhair 2024, d'éirigh duine de na comhaltaí malartacha sin, Karin LUNNING, as oifig mar chomhalta malartach den Bhord Riaracháin.

(4) An 24 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh ([3]) lena gceaptar beirt chomhaltaí malartacha ar an mBord Riaracháin don tréimhse dar críoch an 28 Eanáir 2026. An 27 Meán Fómhair 2024, d'éirigh duine de na comhaltaí malartacha sin, Wouter RAAB, as oifig mar chomhalta malartach den Bhord Riaracháin.

(5) Ba cheart don Chomhairle beirt chomhaltaí malartacha a cheapadh chun teacht ina ionad Karin LUNNING agus Wouter RAAB ar feadh a bhfuil fágtha dá téarma oifige reatha faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí malartacha ar an mBord Riaracháin:

— Ms Emmanuela TRULI, An Ghréig, ag a mbeidh sainordú dar críoch an 28 Eanáir 2028,

— Mr Atanas GEORGIEV, an Bhulgáir, ag a mbeidh sainordú dar críoch an 28 Eanáir 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

LANTOS C.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena gceaptar triúr comhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO C, C/2023/1525, 13.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1525/oj).

([3]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Bealtaine 2024 lena gceaptar beirt chomhaltaí malartacha chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO C, C/2024/3502, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3502/oj).